# INIÚCHÓIRÍ

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Ráiteas Cóipchirt agus Séanta

Is leis an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an cóipcheart ar a bhfuil sa doiciméad seo. Féadfar an foilseachán seo ar fad, nó cuid de, a atáirgeadh gan aon chead eile, ar choinníoll go n-admhófar an fhoinse.

Ní dhéanfar aon ní atá anseo istigh a fhorléiriú mar léiriú ag an Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach, nó thar a cheann, ar an tuiscint nó an léirmhíniú atá aige ar aon cheann de na forálacha d'Acht na gCuideachtaí, 2014 (arna leasú), nó ar an léirmhíniú ar aon dlí.

Ba cheart comhairle dlí neamhspleách a lorg i ndáil leis na héifeachtaí atá ag aon fhoráil dlí.

Ní ghlacann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach le haon fhreagracht nó aon dliteanas a eascróidh ar aon slí as a bhfuil san fhoilseachán seo nó as aon earráidí, aon mhíchruinnis nó aon easnaimh sa doiciméad seo. Forchoimeádann an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach an ceart chun gníomhaíocht a dhéanamh, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil an ghníomhaíocht sin i gcomhréir le forálacha an doiciméid seo.

CEA

Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority

# Clár Ábhar


| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.0** | **Réamhrá** | | **1** |
| **2.0** | **Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Iniúchóirí** | | **2** |
| | 2.1 | Freagrachtaí Cuideachtaí agus Stiúrthóirí as Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú | 2 |
| | 2.2 | Cad is Iniúchóir ann? | 2 |
| | 2.3 | Cad is Iniúchadh ann? | 3 |
| | 2.4 | Cad atá i gceist le hIniúchadh? | 3 |
| | 2.5 | Cén Uair a Cheanglaítear Iniúchadh? | 4 |
| | 2.6 | Cáilíochtaí Iniúchóra faoi Acht na gCuideachtaí | 4 |
| | 2.7 | Ceapadh Iniúchóirí | 5 |
| | 2.8 | Luach Saothair Iniúchóirí | 5 |
| | 2.9 | Dualgais Iniúchóirí | 5 |
| | 2.9.1 | Dualgas chun Tuarascáil Iniúchóireachta a Sholáthar | 5 |
| | 2.9.2 | Dualgas chun Mainneachtain Taifid Chuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád a Thuairisciú | 7 |
| | 2.9.3 | Dualgas chun Cionta de chuid Earnáil 1 agus Earnáil 2 a Thuairisciú | 7 |
| | 2.9.4 | Dualgas chun Ionracas Gairmiúil a Fheidhmiú | 8 |
| | 2.9.5 | Dualgas chun Fianaise ar Cheadú a Thabhairt don Údarás | 8 |
| | 2.10 | Cearta Iniúchóirí | 8 |
| | 2.10.1 | Ceart Rochtana | 8 |
| | 2.10.2 | Ceart chun Fógra a Fháil faoi Chruinniú Ginearálta Cuideachta agus chun Bheith i Láthair aige | 9 |
| | 2.11 | Iniúchóirí a Chur as Oifig | 9 |
| | 2.11.1 | Iniúchóir Reachtúil a Chur as Oifig i gcás go bhfuil Leas á Bhaint ag Cuideachta as Díolúine ó Iniúchadh | 9 |
| | 2.11.2 | An tIniúchóir Reachtúil d'Éirí as Oifig | 10 |
| | 2.11.3 | Iniúchóirí Reachtúla a Chur as Oifig i gCruinnithe Ginearálta | 10 |
| | 2.11.4 | Fógra Fadtréimhse is Gá chun Iniúchóir a Cheapadh agus/nó a Chur as Oifig | 11 |
| | 2.11.5 | Dualgas chun Fógra a thabhairt do IAASA i dtaobh Iniúchóir do Scor d'Oifig sa tréimhse idir Cruinnithe Ginearálta Bliantúla Cuideachta | 11 |
| | 2.11.6 | Toirmeasc Gníomhú mar Iniúchóir Reachtúil le linn do Dhuine Bheith Dícháilithe | 11 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3.0 | Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí | | 12 |
| | 3.1 | Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla | 12 |
| | | Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt | 12 |
| | 3.2 | Pionóis Shibhialta | 13 |
| | | Dícháiliú | 13 |
| | | Dícháiliú Uathoibríoch | 13 |
| | | Gealltanas maidir le Dícháiliú | 14 |
| | | Srian | 14 |
| | | Gealltanas maidir le Srian | 14 |
| | | Cuideachta a Bhaint den Chlár | 15 |

# 1.0 Réamhrá

## Le hAcht na gCuideachtaí, 2014 (‘Acht na gCuideachtaí’ anseo ina dhiaidh seo), rinneadh Achtanna Cuideachtaí roimhe sin a chomhdhlúthú agus a leasú. Leis an Acht, cruthaíodh cineálacha nua cuideachta agus tugadh isteach roinnt athruithe ar róil páirtithe éagsúla i ndlí na gcuideachtaí.

Leis an Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí, 2001, bunaíodh Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, agus tugadh a feidhmeanna anonn le hAcht na gCuideachtaí. Le hAcht na gCuideachtaí (An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach), 2021, bunaíodh an tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach (‘an tÚdarás’) agus forfheidhmeoidh sé anois dlí na gcuideachtaí in Éirinn.

Ceann amháin d’fheidhmeanna an Údaráis is ea comhlíonadh dhlí na gcuideachtaí a spreagadh. Dá réir sin, eiseoidh an tÚdarás sraith Leabhar Faisnéise ina dtabharfar breac-chuntas ar phríomhróil agus príomhfhreagrachtaí roinnt de na príomhghníomhaithe i ndlí na gcuideachtaí agus chun cabhrú le daoine nach gairmithe iad eolas níos fearr a ghnóthú ar a gcuid ceart agus oibleagáidí faoin dlí.

**Baineann na Leabhair Faisnéise ón Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach leis na topaicí seo a leanas:**

**Leabhar Faisnéise 1 – Treoir Aonair do Chuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí**
**Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 4 – Rúnaithe Cuideachta**
**Leabhar Faisnéise 5 – Comhaltaí agus Scairshealbhóirí**
**Leabhar Faisnéise 6 – Iniúchóirí**
**Leabhar Faisnéise 7 – Creidiúnaithe**
**Leabhar Faisnéise 8 – Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Scrúdaitheoirí**

De bhreis ar na dualgais agus cumhachtaí iomchuí, tá faisnéis le fáil i ngach leabhar faoi na pionóis mar gheall ar mhainneachtain Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh.

Measann an tÚdarás go bhfuil sé tábhachtach gur cheart do dhaoine aonair a bhaineann leas as tairbhí agus pribhléidí an chorpraithe a bheith ar an eolas faoi na dualgais agus freagrachtaí comhfhreagracha. Tá na Leabhair Faisnéise sin ceaptha chun cur leis an bhfeasacht atá ag daoine aonair i ndáil leis na dualgais agus freagrachtaí sin.

Chomh maith leis sin, ullmhaíodh gach leabhar lena úsáid ag léitheoirí nach gairmithe iad chun príomhcheanglais dhlí na gcuideachtaí a dhéanamh níos fusa le tuiscint.

Athdhearbhaíonn an tÚdarás nach féidir an treoir seo a fhorléiriú mar ní lena dtairgtear léiriú ar éifeachtaí dlíthiúla fhorálacha iomchuí Acht na gCuideachtaí.

Tá sé tábhachtach a lua gurb amhlaidh, i gcás go bhfuil amhras ar léitheoirí faoina n-oibleagáidí dlíthiúla nó faoina gcearta, ba cheart dóibh comhairle ghairmiúil neamhspleách dlí nó cuntasaíochta a iarraidh de réir mar is cuí.

**An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach**
**Iúil 2022**

# 2.0 Príomhdhualgais agus Príomhchumhachtaí Iniúchóirí

## 2.1 Freagrachtaí Cuideachtaí agus Stiúrthóirí as Ráitis Airgeadais Bhliantúla a Ullmhú

Roimh na freagrachtaí agus na dualgais atá ar iniúchóirí a scrúdú, tá sé ina chabhair dul siar ar na freagrachtaí atá ar chuideachtaí agus ar stiúrthóirí cuideachta maidir le ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú.

Ceanglaítear ar gach cuideachta taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, nó a chur faoi deara go gcoimeádfar taifid chuntasaíochta leordhóthanacha, ina ndéantar idirbhearta uile na cuideachta a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart[1]. Ó na taifid chuntasaíochta agus ó fhaisnéis iomchuí eile, ceanglaítear ar chuideachta ráitis airgeadais bhliantúla reachtúla a ullmhú[2]. Is leagtha amach i rannán 2.10.2 de Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí atá ábhar na ráiteas airgeadais bliantúil. Tá oibleagáid ar na stiúrthóirí a shocrú go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil[3] na ráitis airgeadais bhliantúla a iniúchadh mura rud é go bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh agus go roghnaíonn sí leas a bhaint aisti[4].

**Tá sé de fhreagracht ar na stiúrthóirí a chinntiú go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta (lena n-áirítear a brabús nó a caillteanas) ag deireadh na bliana airgeadais[5].**

## 2.2 Cad is Iniúchóir ann?

Is é is iniúchóir (a shainmhínítear mar iniúchóir reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí) ann ná duine gairmiúil neamhspleách atá cáilithe chun iniúchadh a dhéanamh. Sa chleachtas, is gnách go gceaptar gnólacht iniúchóirí chun gníomhú mar iniúchóirí ar chuideachta. Is iad a gcomhlachtaí gairmiúla go príomha a rialálann iniúchóirí, agus formhaoirseacht ann ó Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA).

Faoi Acht na gCuideachtaí, ciallaíonn "iniúchóir reachtúil"[6] duine aonair nó gnólacht atá ceadaithe mar iniúchóir reachtúil nó mar ghnólacht iniúchta reachtúil, de réir mar a bheidh, faoi Chuid 27 d'Acht na gCuideachtaí, agus folaíonn sé gnólacht atá cláraithe de réir alt 1465.

Tá liosta d'iniúchóirí agus de ghnólachtaí iniúchta atá i dteideal gníomhú mar iniúchóirí reachtúla sa Stát ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí: www.cro.ie

1. Alt 281 d'Acht na gCuideachtaí – Tá mionsonraí faoi thaifid chuntasaíochta leordhóthanacha agus faoi thuarascálacha stiúrthóirí leagtha amach i rannán 2.6.2 agus rannán 2.6.3 de Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta.
2. Alt 290 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 16 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
3. Alt 333 d'Acht na gCuideachtaí.
4. Ailt 358-365 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le hailt 56 go 61 d'Acht na gCuideachtaí, 2017).
5. Alt 289 d'Acht na gCuideachtaí.
6. Sainmhíniú - Alt 2 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 4 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).

## 2.3 Cad is Iniúchadh ann?

Is é is iniúchadh ann ná scrúdú agus meastóireacht neamhchlaonta ar na taifid chuntasaíochta de chuid cuideachta ag iniúchóir reachtúil. Tá sé mar chuspóir le hiniúchadh a fhíorú go bhfuil na taifid ina léiriú cruinn agus ceart ar idirbhearta na cuideachta agus is é atá i gceist leis fianaise a fháil ar na ráitis airgeadais is leor chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis sin measúnú ar na nithe seo a leanas: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na cuideachta agus cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus a nochtadh go leordhóthanach; réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Trína dtuairim a thuairisciú, tugann iniúchóirí na cuideachta dearbhú réasúnach do chomhaltaí na cuideachta go dtugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta ag tráth ar leith (i.e., ag deireadh na bliana airgeadais) agus ar a brabús (nó a caillteanas) don tréimhse faoi athbhreithniú agus gur ullmhaíodh iad de réir Acht na gCuideachtaí agus de réir na gcaighdeán cuntasaíochta is infheidhme[7].

Le linn dóibh a n-iniúchtaí a dhéanamh, ceanglaítear ar iniúchóirí na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht arna n-eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais, atá ina comhlacht neamhspleách socraithe caighdeán, a chomhlíonadh.

## 2.4 Cad atá i gceist le hIniúchadh?

I gcúrsa iniúchta, is gnách go ndéanann iniúchóirí na cineálacha oibre iniúchóireachta seo a leanas:

- 'litir fruilithe' a thabhairt don chuideachta, ar litir í ina leagann an t-iniúchóir amach na freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí agus ar na hiniúchóirí faoi seach agus ar scóip an iniúchta;
- eolas a fháil ar ghnó agus tionscal na cuideachta;
- an t-iniúchadh a phleanáil d'fhonn sainaithint a dhéanamh ar na réimsí de na ráitis airgeadais is dóichí a bheidh soghabhálach i leith riosca earráide nó míráitis;
- meastóireacht a dhéanamh ar chóras rialaithe inmheánaigh na cuideachta a mhéid a bhaineann sé lena ráitis airgeadais (tugtar míniú achomair ar chórais rialaithe inmheánaigh in Aguisín C a ghabhann le Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí);
- scrúdú a dhéanamh, ar bhonn trialach, ar an bhfianaise atá ábhartha do na méideanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais;
- measúnú a dhéanamh ar na meastacháin shuntasacha agus na breithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais;
- a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta réasúnach agus cé acu a nochtadh nó nár nochtadh iad go leordhóthanach;
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais a athbhreithniú;
- scrúdú a dhéanamh ar aon teagmhais shuntasacha sa tréimhse tar éis an chláir comhardaithe, i.e., sa tréimhse idir an dáta ar chuige atá na ráitis airgeadais déanta suas agus an dáta a cuireadh an t-iniúchadh i gcrích;
- ar an iniúchadh a chur i gcrích, litir a thabhairt do na stiúrthóirí ina leagtar amach aon fhadhbanna suntasacha ar thángthas orthu (e.g., earráidí, laigí i rialuithe inmheánacha, etc.) i gcúrsa an iniúchta agus ina ndéantar moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna ar thángthas orthu (is féidir 'litir bhainistíochta' a ghairm den litir sin).
- an tuarascáil iniúchóirí a eisiúint chuig na comhaltaí den chuideachta (féach Rannán 2.9.1).

7. ISA (Caighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire)) 700 (arna fhoilsiú ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA)).

## 2.5 Cén Uair a Cheanglaítear Iniúchadh?

Go ginearálta, ní mór do gach cuideachta a shocrú go ndéanfar iniúchadh ar a ráitis airgeadais gach bliain[8]. Féadfar micreachuideachtaí áirithe, cuideachtaí beaga áirithe agus grúpaí beaga áirithe a dhíolmhú ón gceanglas chun iniúchadh bliantúil a bheith acu, áfach, chomh fada agus a chomhlíonann siad na coinníollacha cáiliúcháin chun go gcaithfí leo mar chuideachta bheag[9].

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb amhlaidh, maidir le cuideachta atá i dteideal díolúine ó iniúchadh a fháil agus a roghnaíonn leas a bhaint as an díolúine sin, atá oibleagáid uirthi fós taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád nó a chur faoi deara go gcoimeádfar na taifid sin, ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú, na ráitis airgeadais a leagan faoi bhráid na gcomhaltaí, agus comhdú de réir mar is cuí leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO).

## 2.6 Cáilíochtaí Iniúchóra faoi Acht na gCuideachtaí

Chun cáiliú chun gníomhú mar iniúchóir reachtúil ar chuideachta, ní mór dea-cháil a bheith ar dhuine aonair nó ar ghnólacht[10] agus ní mór dó nó di roinnt ceanglas a chomhlíonadh. Ní mór dó nó di:

- a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de chomhlacht cuntasóirí atá ceadaithe ag an Údarás Maoirseachta (IAASA) mar chomhlacht cuntasaíochta aitheanta[11] faoi alt 930[12] d'Acht na gCuideachtaí chun na feidhmeanna atá leagtha amach faoi Chuid 27[13] d'Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh; agus
- cáilíocht chuí[14] a shealbhú ón gcomhlacht aitheanta sin chun iniúchadh a ghabháil de láimh.

Féadfaidh comhlacht cuntasaíochta aitheanta iniúchóir tríú tír a cheadú mar iniúchóir reachtúil má thug an duine sin cruthúnas go gcomhlíonann sé nó sí ceanglais atá coibhéiseach leo sin atá sonraithe in ailt iomchuí de Chuid 27 d'Acht na gCuideachtaí.

Coinníoll de cheadú iniúchóra reachtúil is ea go nglacann sé nó sí páirt i gcláir chuí oideachais leantaigh[15] agus go bhfuil sé nó sí faoi réir eitic ghairmiúil[16], lena n-áirítear, ar a laghad, a fheidhm leasa phoiblí nó a feidhm leasa phoiblí, a ionracas nó a hionracas, a oibiachtúlacht nó a hoibiachtúlacht, a inniúlacht ghairmiúil nó a hinniúlacht ghairmiúil agus a chúram cuí nó a cúram cuí, ag a chomhlacht cuntasaíochta aitheanta nó a comhlacht cuntasaíochta aitheanta.

### Páirtithe Neamh-Incháilithe

Páirtithe áirithe, amhail iad sin a bhfuil baint acu leis an gcuideachta atá á hiniúchadh (mar shampla, oifigigh agus fostaithe de chuid na cuideachta agus a neasghaolta) agus féimhigh neamhurscaoilte, coisctear iad ó ghníomhú mar iniúchóir ar chuideachta.

Mar an gcéanna, coisctear daoine atá faoi réir ordú dícháilíochta ó ghníomhú mar iniúchóirí cuideachta.

8. Alt 333 d'Acht na gCuideachtaí.
9. Pléitear na critéir le haghaidh díolúine ó iniúchadh go mion i rannán 2.10.3 de Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí.
10. Alt 1464(2)358 d'Acht na gCuideachtaí (Cuid 27 – arna cur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
11. Deonaíodh aitheantas faoi Acht na gCuideachtaí do gach ceann de na comhlachtaí cuntasaíochta seo a leanas:
    (a) Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte;
    (b) Cuntasóirí Cairte Éireann; agus
    (c) Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn.
12. Alt 930 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 26 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
13. Cuid 27 agus Sceidil 19 agus 20 a ghabhann le hAcht na gCuideachtaí (arna gcur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
14. Alt 1472 d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
15. Alt 1489 d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
16. Alt 1490 d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).

### Ceanglais ghairmiúla

De bhreis ar na toirmisc dhlíthiúla atá ar dhaoine áirithe gníomhú mar iniúchóirí cuideachta, tá cuntasóirí faoi réir ceanglais ghairmiúla éagsúla eile a bhaineann leis na himthosca faoina gceadaítear dóibh gníomhú mar iniúchóir ar chuideachta. Is iad cuspóirí na gceanglas sin ná neamhspleáchas an iniúchóra a chaomhnú.

## 2.7 Ceapadh Iniúchóirí[17]

Féadfaidh na stiúrthóirí na chéad iniúchóirí ar chuideachta a cheapadh aon tráth roimh an gcéad chruinniú ginearálta bliantúil (CGB) den chuideachta. Beidh iniúchóir arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh i seilbh oifige go dtí deireadh an chéad chruinnithe ghinearálta bhliantúil sin. Ina dhiaidh sin, ceapann comhaltaí na cuideachta na hiniúchóirí i gcruinniú ginearálta bliantúil agus beidh siad i seilbh oifige go dtí an chéad chruinniú eile den sórt sin.

## 2.8 Luach Saothair Iniúchóirí[18]

I gcás iniúchóirí atá ceaptha ag na stiúrthóirí, féadfaidh na stiúrthóirí luach saothair na n-iniúchóirí a shocrú. I bhformhór na gcásanna eile, socraíonn na comhaltaí luach saothair na n-iniúchóirí ag an CGB.

## 2.9 Dualgais Iniúchóirí

### 2.9.1 Dualgas chun Tuarascáil Iniúchóireachta a Sholáthar

Is é an príomhdhualgas atá ar na hiniúchóirí ar chuideachta ná tuarascáil a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta maidir leis na ráitis airgeadais reachtúla a leagadh faoi bhráid na gcomhaltaí mar ar scrúdaigh siad iad[19]. Tá sé mar aidhm le tuairim na n-iniúchóirí creidiúnacht na ráiteas airgeadais a bhreisiú trí dhearbhú réasúnach a sholáthar ó fhoinse neamhspleách go dtugtar léargas fíorcheart iontu.

Maidir le tuarascáil na n-iniúchóirí maidir leis na ráitis airgeadais reachtúla atá le leagan faoi bhráid na cuideachta i gcruinniú ginearálta, ní mór í a bheith ag comhlíonadh cheanglais Acht na gCuideachtaí agus na gcaighdeán iniúchta.

Ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i dtuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla:

- réamhrá ina sainaithneofar na ráitis airgeadais eintitis, agus na ráitis airgeadais grúpa i gcás gur cuí, is ábhar don iniúchadh agus don chreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn a n-ullmhaithe; agus
- cur síos ar scóip an iniúchta ina sainaithneofar na caighdeáin iniúchta ar dá réir a seoladh an t-iniúchadh.

17. Alt 382 d’Acht na gCuideachtaí.
18. Alt 381 d’Acht na gCuideachtaí.
19. Alt 391 d’Acht na gCuideachtaí.

Ní mór tuairim na n-iniúchóirí maidir leis na nithe seo a leanas a lua go soiléir i dtuarascáil na n-iniúchóirí reachtúla[20]:

- cibé acu a thugtar sna ráitis airgeadais reachtúla léargas fíorcheart:
  - i gcás clár comhardaithe eintitis, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail i ndeireadh na bliana airgeadais;
  - i gcás cuntas sochair agus dochair eintitis, ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais; agus
  - i gcás ráitis airgeadais grúpa, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais, amhail i ndeireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na ngnóthas a áirítear sa chomhdhlúthú ina n-iomláine, don bhliain airgeadais, a mhéid a bhaineann le comhaltaí na cuideachta;
- cibé acu a ullmhaíodh na ráitis airgeadais reachtúla go cuí de réir an chreata iomchuí tuairiscithe airgeadais agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí (agus, i gcás gurb infheidhme, Airteagal 4 den Rialachán maidir le CICanna)[21].

Ní mór na nithe seo a leanas freisin a lua i dtuarascáil na n-iniúchóirí[22]:

- cibé acu a fuair nó nach bhfuair siad an fhaisnéis agus na mínithe go léir is gá, de réir mar is fearr is eol dóibh agus a chreideann siad, chun críocha a n-iniúchta;
- cibé acu, ina dtuairim, a bhí nó nach raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí;
- cibé acu, ina dtuairim, a fuarthas nó nach bhfuarthas faisnéis agus tuairisceáin a bhí leormhaith le haghaidh a n-iniúchta ó bhrainsí de chuid na cuideachta nár thug siad cuairt orthu;
- i gcás ráitis airgeadais eintitis, cibé acu atá nó nach bhfuil clár comhardaithe na cuideachta agus an cuntas sochair agus dochair ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta agus na tuairisceáin; agus
- cibé acu, ina dtuairim, atá nó nach bhfuil an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais i gcomhréir leis na ráitis airgeadais reachtúla.

I gcás nach féidir leis na hiniúchóirí tuarascáil dhearfach a thabhairt maidir le ceann ar bith de na nithe thuas, is féidir go mbeidh sé riachtanach dóibh an tuarascáil iniúchóireachta uathu 'a cháiliú', agus cúiseanna leis an gcáiliú á dtabhairt acu. Féadfaidh tuarascáil iniúchóireachta cháilithe a bheith i dtrí fhoirm, eadhon:

- 'tuairim cháilithe', ina sonraíonn na hiniúchóirí go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais, seachas nithe áirithe a shonróidh an t-iniúchóir sa tuarascáil;
- 'séanadh tuairime', ina sonraíonn na hiniúchóirí nach bhfuil siad ábalta tuairim a cheapadh maidir le cibé acu a thugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart. Tiocfaidh séanadh tuairime chun cinn i gcás gur teorannaíodh scóip obair na n-iniúchóirí ar shlí éigin, e.g., ní raibh siad in ann rochtain a fháil ar gach ceann de na leabhair agus na taifid; nó
- tuairim neamhfhabhrach, ina sonraíonn na hiniúchóirí nach dtugtar sna ráitis airgeadais léargas fíorcheart. Tabharfar tuairim neamhfhabhrach i gcás go n-easaontaíonn na hiniúchóirí leis na ráitis airgeadais agus nach bhfuil na stiúrthóirí toilteanach le hiad a leasú chun an méid a measann na hiniúchóirí gur léargas fíorcheart é a léiriú.

20. Alt 336 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, agus le halt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
21. Ciallaíonn an "Rialachán maidir le CICanna" Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 agus baineann Airteagal 4 le cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna.
22. Alt 336 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 45 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, agus le halt 7 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).

Ceanglaítear ar na stiúrthóirí le dlí faisnéis áirithe a nochtadh sna ráitis airgeadais, mar shampla mionsonraí faoi luach saothair stiúrthóirí[23] agus faisnéis a bhaineann le hidirbhearta a rinne na stiúrthóirí leis an gcuideachta. I gcás nach dtugtar an fhaisnéis sin sna ráitis airgeadais, ceanglaítear ar na stiúrthóirí í a thabhairt sa tuarascáil uathu. De bhreis air sin, ceanglaítear ar chuideachtaí (gan micreachuideachtaí a áireamh) comaoineacha ar íoc nó a bhfuair tríú páirtithe iad as seirbhísí aon stiúrthóra den chuideachta nó seirbhísí aon stiúrthóra dá fochuideachta nó ar shlí eile a chur ar fáil a nochtadh sna nótaí leis na ráitis airgeadais[24].

### 2.9.2 Dualgas chun Mainneachtain Taifid Chuntasaíochta Leordhóthanacha a Choimeád a Thuairisciú[25]

Más rud é, tráth ar bith, gurb é tuairim na n-iniúchóirí reachtúla go bhfuil an chuideachta atá á hiniúchadh ag sárú, nó gur sháraigh sí, aon cheann d'ailt 281 go 285 (taifid chuntasaíochta), beidh oibleagáid orthu fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta ina gcuirtear an tuairim sin in iúl di. Mura ndéanann na stiúrthóirí na bearta riachtanacha laistigh de sheacht lá chun an sárú a leigheas, ceanglófar ar na hiniúchóirí fógra ina thaobh sin a thabhairt do Chláraitheoir na gCuideachtaí, a thabharfaidh fógra ina thaobh don Údarás dá réir. Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcumhdaítear saincheisteanna ar nós na saincheisteanna seo a leanas leis an oibleagáid tuairiscithe ar iniúchóirí i ndáil le taifid chuntasaíochta: mainneachtain taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád, mainneachtain fógra a thabhairt i dtaobh cén áit a gcoimeádtar taifid chuntasaíochta, mainneachtain rochtain ar thaifid chuntasaíochta a cheadú, agus mainneachtain taifid chuntasaíochta a choimeád ar feadh tréimhse sé bliana.

Tá oibleagáid ar na hiniúchóirí freisin tuarascáil maidir leis an ní sin a dhéanamh don Údarás. I gcás go n-iarrann an tÚdarás ina dhiaidh sin ar na hiniúchóirí déanamh amhlaidh, ceanglaítear orthu ansin faisnéis den sórt sin a thabhairt don Údarás, lena n-áirítear míniú ar na cúiseanna lena dtuairim, agus rochtain ar dhoiciméid a thabhairt don Údarás, lena n-áirítear saoráidí le haghaidh iad a iniúchadh agus cóipeanna a dhéanamh díobh.

### 2.9.3 Dualgas chun Cionta de chuid Earnáil 1 agus Earnáil 2 a Thuairisciú[26]

Más rud é, le linn agus de bhua iniúchadh a bheith á dhéanamh acu ar na ráitis airgeadais de chuid cuideachta, go dtiocfaidh faisnéis i seilbh na n-iniúchóirí reachtúla is cúis le hiad do theacht ar an tuairim go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfuil cion de chuid earnáil 1 nó 2 déanta ag an gcuideachta nó ag oifigeach nó gníomhaire di, ní mór do na hiniúchóirí reachtúla an tuairim sin a chur in iúl don Údarás agus sonraí na bhforas ar a bhfuil siad tar éis teacht ar an tuairim sin a sholáthar don Údarás.

De bhreis ar an oibleagáid atá air nó uirthi fógra a thabhairt don Údarás i dtaobh a thuairime nó a tuairime a chomhlíonadh, déanfaidh an t-iniúchóir reachtúil na nithe seo a leanas, má iarrann an tÚdarás air nó uirthi déanamh amhlaidh:

- cibé faisnéis bhreise atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú agus a bhaineann leis an ní agus a theastóidh ón Údarás a thabhairt don Údarás, lena n-áirítear faisnéis bhreise a bhaineann leis na forais ar a bhfuil sé nó sí tar éis teacht ar an tuairim;
- cibé rochtain ar leabhair agus doiciméid atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú agus a bhaineann leis an ní a theastóidh ón Údarás a thabhairt don Údarás; agus
- cibé rochtain ar shaoráidí chun cóipeanna a dhéanamh de na leabhair agus de na doiciméid sin nó chun sleachta a thógáil astu a theastóidh ón Údarás a thabhairt don Údarás.

23. Alt 305 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 26 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
24. Alt 305A d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le halt 27 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).
25. Alt 392 d'Acht na gCuideachtaí.
26. Alt 393 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 65 d'Acht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017).

### 2.9.4 Dualgas chun Ionracas Gairmiúil a Fheidhmiú[27]

Beidh an duine nó an gnólacht a cheaptar mar iniúchóir reachtúil ar chuideachta faoi dhualgas ginearálta na seirbhísí iniúchóireachta lena mbaineann a dhéanamh le hionracas gairmiúil. Le linn dóibh an tuarascáil uathu a ullmhú, ní mór d'iniúchóirí an scil, an cúram agus an t-airdeall atá ag iniúchóir atá measartha inniúil, cúramach agus airdeallach a fheidhmiú. I gcás nach gcomhlíonann iniúchóirí an dualgas atá orthu scil agus cúram réasúnach a fheidhmiú, d'fhéadfadh siad bheith faoi dhliteanas i leith damáistí a íoc:

- leis an gcuideachta faoina gconradh; agus/nó
- leis na páirtithe a ndlíonn siad dualgas cúraim ina leith as faillí, lena n-áirítear an chuideachta, na comhaltaí agus, in imthosca teoranta áirithe, scairshealbhóirí ionchasacha.

**Eitic Ghairmiúil[28]**

Cuirfidh comhlacht cuntasaíochta aitheanta na hiniúchóirí reachtúla agus na gnólachtaí iniúchta faoi phrionsabail na heitice gairmiúla lena gcumhdaítear, ar a laghad, a bhfeidhm leasa phoiblí, a n-ionracas, a n-oibiachtúlacht, a n-inniúlacht ghairmiúil agus a gcúram cuí.

### 2.9.5 Dualgas chun Fianaise ar Cheadú a Thabhairt don Údarás[29]

Féadfaidh an tÚdarás a éileamh ar dhuine–

- atá ag gníomhú mar iniúchóir reachtúil nó mar ghnólacht iniúchta ar chuideachta, nó
- a airbheartaíonn go bhfuair sé nó sí ceadú faoi Chuid 27, nó clárú de réir alt 1465 d'Acht na gCuideachtaí, chun gníomhú amhlaidh,

fianaise ar cheadú an duine a thabhairt ar aird.

## 2.10 Cearta Iniúchóirí

Tá na cearta seo a leanas ag iniúchóirí ar chuideachtaí:

### 2.10.1 Ceart Rochtana[30]

Bíonn ceart rochtana gach tráth réasúnach ag iniúchóirí reachtúla ar chuideachta ar thaifid chuntasaíochta na cuideachta.

Féadfaidh na hiniúchóirí reachtúla ar chuideachta nó ar chuideachta sealbhaíochta a cheangal ar na hoifigigh cibé faisnéis agus mínithe a thabhairt ar dealraitheach do na hoifigigh gurb eol dóibh iad nó gur féidir leo iad a fháil agus is dóigh leis na hiniúchóirí is gá chun a ndualgais a chomhlíonadh. Aon oifigeach a mhainníonn iarraidh a chomhlíonadh laistigh de dhá lá tar éis na hiarrata faisnéis nó mínithe a thabhairt is eol don oifigeach nó is féidir leis an oifigeach a fháil, beidh an t-oifigeach sin ciontach i gcion de chuid earnáil 2[31]. Chun críocha an rannáin seo, folaíonn "oifigeach" aon fhostaí de chuid na cuideachta agus aon chúlstiúrthóir agus aon stiúrthóir *de facto* dá cuid.

27. Alt 390 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 12 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
28. Alt 1490 d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018, lenar cuireadh Cuid 27 nua d'Acht na gCuideachtaí isteach).
29. Alt 1474 d'Acht na gCuideachtaí (arna chur isteach le halt 51 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018, lenar cuireadh Cuid 27 nua d'Acht na gCuideachtaí isteach).
30. Alt 386 d'Acht na gCuideachtaí.
31. Alt 387 d'Acht na gCuideachtaí.

Ceanglaítear ar fhochuideachtaí atá corpraithe sa Stát agus a gcuid oifigeach freisin cibé faisnéis agus mínithe a thabhairt d'iniúchóir na cuideachta sealbhaíochta a theastóidh le réasún ón iniúchóir sin le haghaidh a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh[32]. I gcás go bhfuil fochuideachtaí lasmuigh den Stát ag an gcuideachta, beidh oibleagáid ar an gcuideachta í féin gach beart réasúnach a dhéanamh chun cibé faisnéis agus mínithe a fháil do na hiniúchóirí.

Aon oifigeach do chuideachta a dhéanann go feasach ráiteas don iniúchóir reachtúil ó bhéal nó i scríbhinn ar ráiteas é atá míthreorach nó bréagach i bponc ábhartha, nó a dhéanann ráiteas den sórt sin agus atá meargánta i dtaobh é a bheith amhlaidh, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2[33]. Chun críocha an rannáin seo, folaíonn "oifigeach" aon fhostaí de chuid na cuideachta agus aon chúlstiúrthóir agus aon stiúrthóir *de facto* dá cuid.

### 2.10.2 Ceart chun Fógra a Fháil faoi Chruinniú Ginearálta Cuideachta agus chun Bheith i Láthair aige[34]

Tá iniúchóirí i dteideal bheith i láthair ag aon chruinniú ginearálta de chuid na cuideachta agus na fógraí agus cumarsáidí céanna a bhaineann le cruinnithe agus a fhaigheann na comhaltaí a fháil, ach amháin i gcás go bhfuil an chuideachta i dteideal díolúine ó iniúchadh agus go bhfuil leas bainte aici as an díolúine sin. Tá an ceart acu freisin chun éisteacht a fháil ag gach cruinniú ginearálta i dtaobh aon chuid den chruinniú a bhaineann leo mar iniúchóir reachtúil.

## 2.11 Iniúchóirí a Chur as Oifig

### 2.11.1 Iniúchóir Reachtúil a Chur as Oifig i gcás go bhfuil Leas á Bhaint ag Cuideachta as Díolúine ó Iniúchadh[35]

Aon chuideachta atá i dteideal díolúine ó iniúchadh agus a bhaineann leas as an díolúine sin agus a chinneann gan an t-iniúchóir reachtúil a athcheapadh, nó a thugann breith ceapachán an iniúchóra reachtúil a fhoirceannadh, ní mór di fógra a thabhairt don iniúchóir i dtaobh an chinnidh nó na breithe sin. Déanfaidh an t-iniúchóir reachtúil, laistigh de 21 lá tar éis an dáta a dhéanfaidh an chuideachta an cinneadh sin nó a thabharfaidh sí an bhreith sin, fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta ina mbeidh ráiteas á rá:

- nach bhfuil aon imthosca ann a bhaineann le cinneadh nó breith na cuideachta a measann an t-iniúchóir reachtúil lena mbaineann gur cheart iad a thabhairt ar aird do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe na cuideachta; nó
- go bhfuil imthosca ann a measann an t-iniúchóir reachtúil gur cheart iad a thabhairt ar aird do na comhaltaí nó do na creidiúnaithe.

Mura ndéanfaidh agus go dtí go ndéanfaidh na hiniúchóirí reachtúla fógra den sórt sin a sheirbheáil, ní bheidh éifeacht le haon fhoirceannadh airbheartaithe ar a gceapachán mar iniúchóirí reachtúla ar an gcuideachta.

I gcás go ndéanann an t-iniúchóir fógra ina bhfuil ráiteas a sheirbheáil ar an gcuideachta, ní mór don iniúchóir reachtúil lena mbaineann, laistigh de 14 lá tar éis dháta na seirbheála sin, cóip den fhógra a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí[36]. Má bhíonn imthosca gur cheart iad a thabhairt ar aird do na comhaltaí nó do na creidiúnaithe sa ráiteas ó na hiniúchóirí reachtúla, ní mór don chuideachta, laistigh de 14 lá tar éis dháta na seirbheála, cóip den fhógra a chur chuig gach duine atá i dteideal an fógra a fháil.

32. Alt 388 d'Acht na gCuideachtaí.
33. Alt 389 d'Acht na gCuideachtaí.
34. Alt 180(6) d'Acht na gCuideachtaí.
35. Alt 399 d'Acht na gCuideachtaí.
36. Alt 399(3)(a) d'Acht na gCuideachtaí.

## 2.11.2 An tIniúchóir Reachtúil d'Éirí as Oifig[37]

Féadfaidh iniúchóir reachtúil fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar an gcuideachta á rá go mbeartaíonn sé nó sí éirí as oifig. Ní mór ráiteas a bheith san fhógra á rá:

- nach bhfuil aon imthosca ann a bhaineann leis an éirí as ar cheart iad a thabhairt ar aird do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe na cuideachta; nó
- go bhfuil imthosca ann a measann an t-iniúchóir reachtúil gur cheart iad a thabhairt ar aird do na comhaltaí nó do na creidiúnaithe.

I gcás go ndéanann an t-iniúchóir reachtúil fógra a sheirbheáil ar an gcuideachta i dtaobh a éirí as nó a héirí as, ní mór dó nó di, laistigh de 14 lá, cóip den fhógra a chur chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí. I gcás gur liostaigh an t-iniúchóir san fhógra imthosca ar cheart iad a thabhairt ar aird do na comhaltaí, ní mór don chuideachta, laistigh de 14 lá, cóip den fhógra a chur chuig gach duine atá i dteideal cóip a fháil.

## 2.11.3 Iniúchóirí Reachtúla a Chur as Oifig i gCruinnithe Ginearálta[38]

Féadfaidh cuideachta, le gnáthrún ag cruinniú ginearálta, iniúchóir reachtúil a chur as oifig agus aon duine eile nó aon daoine eile a cheapadh ina áit nó ina háit, is duine nó daoine a bheidh ainmnithe le ceapadh ag aon chomhalta den chuideachta agus a shealbhóidh na cáilíochtaí iomchuí faoi Chuid 27 chun teacht chun bheith ina iniúchóir reachtúil, ina hiniúchóir reachtúil nó ina n-iniúchóir reachtúil ar an gcuideachta, agus a bhfuil fógra faoina ainmniú nó faoina hainmniú nó faoina n-ainmniú tugtha do na comhaltaí.

Maidir le rún chun iniúchóir reachtúil a chur as oifig a rith, ní bheidh sé éifeachtach mura rud é go bhfuil forais mhaithe shubstainteacha leis an gcur as oifig i ndáil le hiompar an iniúchóra le linn a chuid nó a cuid dualgas mar iniúchóir ar an gcuideachta a chomhlíonadh nó, gurb é, i dtuairim na cuideachta, leas na cuideachta an rún a rith. Mar sin féin, ní féidir le tuairimí éagsúla ar dhéileálacha ó thaobh cuntasaíochta nó ar nósanna imeachta maidir le hiniúchadh a bheith ina mbonn le haon rún den sórt sin a rith agus ní fholaíonn "leas na cuideachta", in aon chás ina mainneoidh an chuideachta a hoibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí a chomhlíonadh, aon tucaid neamhdhleathach nó mhíchuí, amhail nochtadh nó brath aon mhainneachtana den sórt sin a sheachaint[39].

37. Alt 400 d'Acht na gCuideachtaí.
38. Alt 394 d'Acht na gCuideachtaí (arna leasú le halt 13 d'Acht na gCuideachtaí (Iniúchtaí Reachtúla), 2018).
39. Alt 395 d'Acht na gCuideachtaí.

### 2.11.4 Fógra Fadtréimhse is Gá chun Iniúchóir a Cheapadh agus/nó a Chur as Oifig[40]

Is gá fógra fadtréimhse 28 lá le haghaidh rúin ag cruinniú ginearálta chun an t-iniúchóir reachtúil láithreach a chur as oifig agus/nó chun iniúchóir reachtúil nua a cheapadh.

An t-iniúchóir reachtúil is ábhar don rún é nó í a chur as oifig, tá sé nó sí i dteideal uiríll i scríbhinn a dhéanamh chuig an gcuideachta agus a iarraidh iad a chur in iúl do chomhaltaí na cuideachta[41].

De bhreis air sin, tá an ceart ag an iniúchóir reachtúil a cuireadh as oifig chun fógra a fháil i dtaobh an chéad chruinnithe ghinearálta bhliantúil eile den chuideachta tar éis é nó í a chur as oifig agus i dtaobh an chruinnithe ghinearálta ag a bhfuil an t-iniúchóir reachtúil ionaid á bheartú agus chun bheith i láthair ag na cruinnithe sin[42].

### 2.11.5 Dualgas chun Fógra a thabhairt do IAASA i dtaobh Iniúchóir do Scor d'Oifig sa tréimhse idir Cruinnithe Ginearálta Bliantúla Cuideachta[43]

I gcás go scoireann iniúchóir reachtúil d'oifig a shealbhú toisc gur éirigh sé nó sí as nó nár thoil leis nó léi go n-athcheapfaí é nó í nó i gcás go gcuirtear as oifig é nó í sa tréimhse idir cruinnithe ginearálta bliantúla, tá dualgas ar an iniúchóir fógra a thabhairt do IAASA laistigh de 30 lá á rá gur scoir sé nó sí d'oifig a shealbhú.

Mar an gcéanna, tá dualgas ar an gcuideachta fógra a thabhairt do IAASA laistigh de 30 lá tar éis don iniúchóir reachtúil scor d'oifig a shealbhú sa tréimhse idir cruinnithe ginearálta bliantúla toisc gur éirigh sé nó sí as nó nár thoil leis nó léi go n-athcheapfaí é nó í nó gur cuireadh as oifig mar iniúchóir reachtúil é nó í.

### 2.11.6 Toirmeasc Gníomhú mar Iniúchóir Reachtúil le linn do Dhuine Bheith Dícháilithe[44]

Toirmeasctar aon duine is ábhar d'ordú dícháilíochta ar theacht chun bheith, nó ar fhanacht, ina chomhpháirtí nó ina comhpháirtí i ngnólacht iniúchóirí reachtúla amhail 28 lá ó dháta an ordaithe dícháilíochta.

Toirmeasctar é nó í freisin orduithe nó treoracha a thabhairt i ndáil le hiniúchadh ar ráitis airgeadais cuideachta nó obair in aon cháil le linn iniúchadh ar ráitis airgeadais cuideachta a bheith á sheoladh. Aon duine a sháraíonn an toirmeasc sin, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2 agus féadfar a ordú dícháilíochta nó a hordú dícháilíochta a fhadú go ceann tréimhse bhreise nach faide ná 10 mbliana.

40. Alt 396 d'Acht na gCuideachtaí.
41. Alt 397 d'Acht na gCuideachtaí.
42. Alt 398 d'Acht na gCuideachtaí.
43. Ailt 403 agus 404 d'Acht na gCuideachtaí.
44. Alt 405 d'Acht na gCuideachtaí.

# 3.0 Pionóis faoi Acht na gCuideachtaí

## 3.1 Pionóis mar gheall ar Chionta Coiriúla

### Pionóis arna bhForchur ag an gCúirt

Faoi Acht na gCuideachtaí, déantar foráil do dhá chineál ciona choiriúla, eadhon cionta achoimre agus cionta indíotáilte. Is gnách gur de chineál níos neamh-thromchúisí atá cion achomair agus déantar é a thriail os comhair breithimh agus ní dhéantar é a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche. Is gnách gur de chineál níos tromchúisí atá cionta indíotáilte. Faoi mar atá amhlaidh i gcás cionta achoimre, ní fhéadfar cionta indíotáilte a thriail ach amháin sa Chúirt Dúiche agus os comhair breithimh. Is í an difríocht idir cion achomair agus cion indíotáilte, áfach, ná gurb amhlaidh, mar gheall ar an gcineál níos tromchúisí atá ag gabháil leo, a fhéadfar cionta indíotáilte a thriail sa Chúirt Chuarda, i.e., os comhair breithimh agus giúiré. I gcás go ndéantar amhlaidh, deirtear go n-ionchúisítear an cion indíotáilte ar díotáil. I gcás go n-ionchúisítear cion ar díotáil, is gnách go mbíonn na pionóis a bhforáiltear dóibh leis an dlí ar chiontú i bhfad níos airde ná mar a bheadh na pionóis dá mba rud é gur ionchúisíodh an cion go hachomair.

Faoi alt 871 d'Acht na gCuideachtaí, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoin Acht seo a sonrófar gur cion de chuid earnáil 1 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A[45] nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €500,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Go ginearálta, maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 2 é, dlífear:

- ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi; nó
- ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €50,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 3 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

Maidir le haon duine a bheidh ciontach i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a sonrófar gur cion de chuid earnáil 4 é, dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A a chur air nó uirthi.

Féadfaidh an Chúirt ina ndéantar ciontú i gcion faoi Acht na gCuideachtaí a dhearbhú nó a thaifeadadh an duine ciontaithe a ordú chun an sárú a leigheas[46].

45. Ciallaíonn "fíneáil de chuid aicme A" agus an méid seo á fhoilsiú fíneáil nach mó ná €5,000 (Foinse: An tAcht Fíneálacha, 2010).
46. Alt 872 d'Acht na gCuideachtaí.

Foráiltear le hAcht na gCuideachtaí, áfach, do smachtbhannaí i bhfad níos airde i ndáil le cionta áirithe, amhail:

- An Treoir maidir le Trédhearcacht[47] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoin dlí maidir le trédhearcacht (margaí rialáilte)[48];
- An Treoir Réamheolaire[49] – fíneáil nach mó ná €1 mhilliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi Dhlí Réamheolaire na hÉireann[50];
- An Treoir maidir le Drochúsáid Mhargaidh[51] – fíneáil nach mó ná €10 milliún agus/nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana a chur ar dhuine ar é nó í a chiontú ar díotáil faoi dhlí na hÉireann maidir le drochúsáid mhargaidh[52].

## 3.2 Pionóis Shibhialta

### Dícháiliú

De bhreis ar fhíneálacha agus pionóis mar gheall ar chionta coiriúla, tá forálacha ann freisin maidir le smachtbhannaí eile faoi Acht na gCuideachtaí, amhail dícháiliú agus srian.

Ciallaíonn "dícháiliú" duine a bheith dícháilithe chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú mar stiúrthóir nó oifigeach eile, iniúchóir reachtúil, glacadóir, leachtaitheoir nó scrúdaitheoir, nó chun baint nó páirt a bheith aige nó aici ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, i dtionscnamh, foirmiú nó bainistiú aon chuideachta[53].

Féadfar duine a dhícháiliú:

a) Trí Ordú Dícháilíochta ón gcúirt; nó
b) trí ghlacadh le Gealltanas maidir le Dícháiliú – áit a nglacann an duine leis go gcuirfear faoi dhícháiliú é nó í trí ghlacadh le gealltanas forordaithe maidir le dícháiliú agus trí é a shíniú.

### Dícháiliú Uathoibríoch[54]

Dícháilíonn an chúirt duine go huathoibríoch má chiontaítear an duine sin ar díotáil:

- in aon chion faoi Acht na gCuideachtaí nó faoi aon achtachán eile, de réir mar a bheidh forordaithe, i ndáil le cuideachta; nó
- in aon chion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht.

Beidh aon duine a ndícháilíonn an chúirt é nó í faoi réir ordú dícháilíochta ar feadh tréimhse cúig bliana nó ar feadh cibé tréimhse eile a shonróidh an chúirt. Tá oibleagáid ar an gcúirt mionsonraí faoin ordú dícháilíochta a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí chun go gcuirfear na mionsonraí arna soláthar ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[55].

Féadfaidh an tÚdarás iarratas a dhéanamh chun na gCúirteanna freisin ar dhícháiliú aon duine ar roinnt foras[56], lena n-áirítear:

- é nó í a bheith ciontach in dhá chion nó níos mó i ndáil le cionta a bhaineann le taifid chuntasaíochta (alt 286);
- é nó í a bheith ciontach i mainneachtainí rialta faoi Acht na gCuideachtaí;
- é nó í a bheith ciontach i dtrádáil chalaoiseach nó mheargánta agus é nó í ina oifigeach nó ina hoifigeach de chuideachta.

47. Na Rialacháin maidir le Trédhearcacht (Treoir 2004/109/CE), 2007 – I.R. Uimh. 277 de 2007.
48. Alt 1382 d'Acht na gCuideachtaí.
49. Na Rialacháin Réamheolaire (Treoir 2003/71/CE), 2005 – I.R. Uimh. 324 de 2005.
50. Alt 1356 d'Acht na gCuideachtaí.
51. Na Rialacháin maidir le Drochúsáid Mhargaidh (Treoir 2014/57/AE), 2016 – I.R. Uimh. 349 de 2016 (arna leasú le I.R. Uimh. 11 de 2017 agus le I.R. Uimh. 375 de 2017).
52. Alt 1368 d'Acht na gCuideachtaí.
53. Alt 838 d'Acht na gCuideachtaí.
54. Alt 839 d'Acht na gCuideachtaí.
55. Ailt 863 agus 864 d'Acht na gCuideachtaí.
56. Alt 842 d'Acht na gCuideachtaí.

## Gealltanas maidir le Dícháiliú[57]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar rogha do dhuine (i gcás go bhfuil an tÚdarás den tuairim go bhfuil feidhm ag imthosca áirithe i ndáil le duine) é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe gan an gá le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfar leas a bhaint as an nós imeachta sin i gcás go bhfuil forais réasúnacha ag an Údarás chun a chreidiúint go bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na himthosca a shonraítear in alt 842(a) go (i) d'Acht na gCuideachtaí maidir leis an duine[58]. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don duine é nó í féin a chur faoi réir a dhícháilithe nó a dícháilithe. I gcás go gcuireann an duine é nó í féin faoi réir "gealltanas maidir le dícháiliú" agus go seolann sé nó sí an doiciméad um ghlacadh le dícháiliú ar ais chuig an Údarás, agus é sínithe go cuí, measfar é nó í a bheith ina dhuine dícháilithe nó ina duine dícháilithe. Tá oibleagáid ar an Údarás mionsonraí faoin dícháiliú a sheoladh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár poiblí daoine dícháilithe[59].

## Srian

Tá feidhm ag na forálacha a bhaineann le stiúrthóirí cuideachta a shrianadh[60] maidir le cuideachtaí dócmhainneacha, i.e., cuideachtaí nach bhfuil in ann a bhfiacha[61] a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite. I gcás go dtéann cuideachta faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht agus go bhfuil sí dócmhainneach, maidir le haon stiúrthóir ar an gcuideachta a mhainníonn an tÚdarás nó an Chúirt a shásamh gur ghníomhaigh sé go macánta agus go freagrach, féadfar é nó í a shrianadh ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

## Gealltanas maidir le Srian[62]

Is nós imeachta riaracháin é seo lena dtugtar deis don duine é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta gan gá a bheith ann le héisteacht chúirte a sheoladh. Féadfaidh an tÚdarás, faoina lánrogha féin, deis a thairiscint don stiúrthóir ar chuideachta dhócmhainneach é nó í féin a chur faoi réir a shrianta nó a srianta. Áireofar leis an tairiscint na himthosca, na fíorais agus na líomhaintí ba chúis leis an Údarás a bheith ag teacht ar an gcreideamh go bhfuil srianadh cuí.

I gcás go nglacann an duine leis an srianadh, agus go seolann sé an doiciméad maidir le glacadh le srianadh ar ais, agus é sínithe go cuí, seolfaidh an tÚdarás mionsonraí faoin "gealltanas maidir le srian" chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí lena gcur ar áireamh sa chlár daoine srianta[63].

Le srian den sórt sin, coisctear duine chun a cheaptha nó a ceaptha nó chun gníomhú ar aon slí, cibé acu go díreach nó go neamhdhíreach, mar stiúrthóir nó mar rúnaí nó chun baint a bheith aige nó aici i bhfoirmiú nó tionscnamh aon chuideachta mura bhfuil sí caipitlithe go leordhóthanach[64]. I gcás cuideachta phoiblí theoranta (seachas cuideachta infheistíochta), is é €500,000 i scairchaipiteal íoctha leithroinnte an ceanglas caipitil agus, i gcás aon chuideachta eile, is é €100,000 an ceanglas caipitil. Tá cuideachta den sórt sin faoi réir rialacha níos doichte maidir le cothabháil caipitil freisin.

57. Alt 849 d'Acht na gCuideachtaí.
58. Is iad sin na himthosca a mbeadh ordú dícháilíochta mar thoradh orthu dá mba dheimhin leis an gcúirt go bhfuil feidhm acu, agus leagtar amach iad in alt 862 d'Acht na gCuideachtaí.
59. Alt 864 d'Acht na gCuideachtaí.
60. Ailt 819 agus 820 d'Acht na gCuideachtaí.
61. Alt 570 d'Acht na gCuideachtaí.
62. Alt 852 d'Acht na gCuideachtaí.
63. Alt 823 d'Acht na gCuideachtaí.
64. Alt 819(3) d'Acht na gCuideachtaí.

Aon duine a leanann de bheith i mbun oifige mar stiúrthóir ar chuideachta ar an srian a bheith ar siúl gan an chuideachta a bheith caipitlithe go leordhóthanach, measfar, gan cruthúnas ar aon rud breise, gur sháraigh sé nó sí Acht na gCuideachtaí agus dícháileofar é nó í go huathoibríoch mar stiúrthóir. **Pléitear topaic an tsrianta go mion in Aguisín B a ghabhann le Leabhar Faisnéise 3 – Stiúrthóirí Cuideachta**

Aon duine a ghníomhaíonn, i ndáil le haon chuideachta, ar mhodh nó i gcáil a mbeidh toirmeasc air nó uirthi gníomhú amhlaidh de bhua é nó í a bheith ina dhuine nó ina duine (a) atá faoi réir ordú dícháilíochta, nó (b) atá faoi réir dearbhú maidir le srian, beidh sé nó sí ciontach i gcion de chuid earnáil 2[65].

## Cuideachta a Bhaint den Chlár[66]

Féadfaidh Cláraitheoir na gCuideachtaí fógra a thabhairt i dtaobh an rúin cuideachta a bhaint den chlár ar cheann ar bith de na forais seo a leanas:

- mhainnigh an chuideachta tuairisceán bliantúil a thabhairt de réir mar is gá; nó
- níl aon duine ann atá taifeadta a bheith ina stiúrthóir reatha ar an gcuideachta; nó
- thug na Coimisinéirí Ioncaim fógra gur mhainnigh an chuideachta ráiteas faoi shonraí ag cuideachtaí nua a sheachadadh; nó
- tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil an chuideachta ag comhlíonadh an cheanglais chun stiúrthóir a bhfuil cónaí air nó uirthi i stát de chuid LEE a bheith aici nó nach sealbhaíonn sí an banna riachtanach in éagmais stiúrthóir den sórt sin a bheith ann[67]; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus tá cúis réasúnach ag an gCláraitheoir chun a chreidiúint nach bhfuil aon leachtaitheoir ag gníomhú; nó
- tá an chuideachta á foirceannadh agus níl aon tuairisceáin tugtha ag an leachtaitheoir ar feadh tréimhse 6 mhí as a chéile.

Má bhaintear cuideachta den chlár, aistreofar úinéireacht ar shócmhainní na cuideachta chuig an Stát go huathoibríoch. Fanfaidh siad faoi úinéireacht an Stáit go dtí cibé am a chuirfear an chuideachta ar ais ar an gclár. Le linn don chuideachta a bheith bainte den chlár, leantar den dliteanas atá ar gach stiúrthóir, gach oifigeach agus gach comhalta de chuid na cuideachta agus féadfar é a fhorghníomhú[68] ionann is dá mba rud é nár díscaoileadh an chuideachta.

Maidir leis na nósanna imeachta a cheanglaítear a chomhlíonadh chun go gcuirfear cuideachta ar ais ar an gclár, pléitear iad in Aguisín A a ghabhann le Leabhar Faisnéise 2 – Cuideachtaí. Tá faisnéis shonrach mhionsonraithe faoi chuideachta a chur ar ais ar an gClár ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí – www.cro.ie

65. Alt 855 d'Acht na gCuideachtaí.
66. Alt 725 d'Acht na gCuideachtaí.
67. Alt 137 d'Acht na gCuideachtaí.
68. Alt 734 d'Acht na gCuideachtaí.

An tÚdarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Parnell Thoir | Baile Átha Cliath 1 | D01 W5C2 | Éire
Teil.: +353 1 858 5800
Ríomhphost: info@cea.gov.ie
Gréasán: www.cea.gov.ie

Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil

An English version of this booklet is available

CEA
Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach
Corporate Enforcement Authority